# Gníomhaíocht shamplach chun scileanna meastóireachta a chur chun cinn

Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de sheimineár gréasáin FGL don Teicneolaíocht Fheidhmeach in 2020 / 2021 i gcomhar MRB 1 "Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú" a bhí ar siúl ar an 15 Deireadh Fómhair 2020. Is féidir gach ábhar a úsáideadh le linn an tseimineáir ghréasáin seo a fheiceáil i rannán na dTeicneolaíochtaí de www.jct.ie laistigh de thíl na gCeardlann Roghnach.

Nasc Suíomh Gréasáin:
https://www.jct.ie/technologies/cpd_supports_applied_technology_elective_workshops

Le linn an tseimineáir ghréasáin, mheas lucht freastail an cuspóir atá le scileanna a fhorbairt chun tuairim phearsanta a chruthú mar chuid den phróiseas meastóireachta. Le linn an phróisis seo moltar do scoláirí machnamh a dhéanamh ar a dtuairim sula dtosóidh siad ar thaighde. Nuair a dhéanann na scoláirí a gcuid taighde ar an topaic, déanann siad anailís ar an bhfaisnéis a bailíodh chun tuairim fhorbartha a cheapadh. Treoraíonn an straitéis seo scoláirí tríd an bpróiseas meastóireachta seo, ag spreagadh plé agus comhoibriú le daoine eile. Is féidir go mbeidh nó nach mbeidh tionchar ag a gcuid torthaí ar thuairim phearsanta dheiridh na scoláirí, ach is fearr a bheas siad in ann a dtuairim a chosaint le fianaise thacaíochta.

## Straitéisí féideartha chun cabhrú le scoláirí tuairim phearsanta a fhorbairt.

**Pléghníomhaíocht:** Pléann na scoláirí na ceisteanna seo a leanas sa rang

- Cad is tuairim phearsanta ann?
- Conas a fhorbraíonn tú do thuairim?

Gníomhaíocht mholta chun plé seomra ranga a ghabháil is ea léaráid chnámh éisc a úsáid. Scrúdaíonn an léaráid seo go físiúil na tosca a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt tuairime.

Forbraíodh an ghníomhaíocht seo do rang 1ú bhliana ach d'fhéadfaí í a chur in oiriúint do bhliainghrúpaí eile. Dearadh an ghníomhaíocht taighde, phlé agus mhachnaimh chun scoláirí a spreagadh réimse tuairimí agus taighde a bhaineann leis an ábhar roghnaithe a bhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid torthaí. Léirigh sé sin do scoláirí an chaoi a bhféadfadh a dtuairim athrú nó forbairt tríd an bpróiseas taighde agus anailíse. Ba í an cheist spreagtha sa chás seo 'Ar chóir cosc a chur ar fhóin phóca i scoileanna?'

## Cad atá san áireamh sa PDF seo?

- Teimpléad léaráid chnámh éisc
- Bileog oibre a d'fhorbair múinteoir


Buíochas mór leis an múinteoir a chinntigh go gcuirfí an acmhainn seo ar fáil d'fhoireann JCt4

**Nóta:** Moltar duit féachaint ar an seimineár gréasáin roghnach agus an acmhainn seo in úsáid agat chun an acmhainn a chur i gcomhthéacs agus tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi ar forbraíodh an acmhainn.

CC BY NC

Pléigh na ceisteanna thíos sa rang. Bain úsáid as léaráid chnámh éisc chun cabhrú le do phlé a léirshamhlú

- Cad is tuairim phearsanta ann?
- Conas a fhorbraíonn tú do thuairim?



Sampla – a forbraíodh lena úsáid le FGL JCt4

Cruthaíodh an acmhainn seo mar thaca le seimineár gréasáin Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2020-2021 agus baineann sé le comhthéacs na bpléití a tharla le linn an tseimineáir ghréasáin sin.

# Tuairim phearsanta a fhorbairt sa Teicneolaíocht Fheidhmeach

**Ceist:**

## Ar chóir cosc a chur ar fhóin phóca i scoileanna?

Cad é an chéad tuairim atá **agat** ar an gceist thuas?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**Déan taighde agus iniúchadh ar an gceist thuas:** Déan nótaí ar ailt, láithreáin ghréasáin agus aon fhaisnéis ábhartha eile a d'fhéadfá a fháil mar chuid de do chuid taighde? Déan liosta de bhuntáistí agus de mhíbhuntáistí a bhaineann le fóin phóca a úsáid ar scoil**.**

Cuir tuilleadh bileog leis más gá

Tabhair cuireadh do dhaoine eile plé comhoibríoch a bheith acu leat ag baint úsáid as ardáin ar líne, m.sh. Padlet

**Éist** le tuairimí eile agus **Bíodh intinn oscailte agat** agus tú i mbun taighde ar ábhar

Sampla – a forbraíodh lena úsáid le FGL JCt4

cc BY NC

Cruthaíodh an acmhainn seo mar thaca le seimineár gréasáin Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2020-2021 agus baineann sé le comhthéacs na bpléití a tharla le linn an tseimineáir ghréasáin sin.

**Conclúidí:** Cad iad na torthaí / conclúidí a bhain tú as do chuid taighde? Mínigh tuairimí éagsúla a bhaineann leis an topaic a roghnaigh tú.

**Plé le daoine eile:** Ó bheith ag labhairt le daoine eile agus ag éisteacht lena dtuairim, ar chabhraigh an t-idirphlé sin le do thuairim féin a fhorbairt? Conas a chabhraigh sé?

**Sos:** Léigh an chéad tuairim a bhí agat. Cad é an tuairim a bhí agat roimhe seo? Cad é do thuairim anois? Ar athraigh do thuairim? Má d'athraigh, cén dóigh agus cén fáth?

**Athbhreithniú:** Cad é a bhí ar eolas agat cheana féin agus cad é a smaoinigh tú faoin ábhar seo? Conas a d'athraigh do smaointe faoin réimse / topaic seo?

**Machnamh:** Cad é do thuairim ar an gceist thuas anois? Cad é a théann i bhfeidhm ar do thuairim? Agus an féidir leat do thuairim a athrú?

**Tá mo thuairim phearsanta tábhachtach i dTeicneolaíocht Fheidhmeach**

Sampla – a forbraíodh lena úsáid le FGL JCt4

Cruthaíodh an acmhainn seo mar thaca le seimineár gréasáin Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2020-2021 agus baineann sé le comhthéacs na bpléití a tharla le linn an tseimineáir ghréasáin sin.